

Tionscadal Mata Ceardlann 3

Fócas ar Réiteach Fadhbanna Snáithe 3



Ainm: _____


Scoil: _____



Foireann Forbartha


CL3.1 - Réiteach Fadhbanna

Léigh síos trí na ceisteanna soláthraithe agus cuir ticeanna sna boscaí cuí ag léiriú cé acu, i do thuairim, is gnásúil nó réiteach fadhbanna iad.

TSGL 2008 C1 (c) (i)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	
<p>Tá dhá shlios chomhionanna chomhthreomhara [pq] agus [sr] i gconair lúthchleasaíochta mar aon le dhá fhoirceann leathchiorclacha chomhionanna ar trastomhais dóibh [ps] agus [qr]. Tá $pq = sr = 153$ méadar, agus $ps = qr = 30$ méadar.</p>  <p>Agus tú ag glacadh le π mar 3.14 ríomh fad ceann amháin de na foircinn leathchiorclacha, ceart go dtí an meadar is gaire.</p>		
TSGL 2008 C1 (c) (ii)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	
<p>Ríomh an fad iomlán i dtimpeall amháin den chonair, ceart go dtí an méadar is gaire.</p>		
TSGL 2008 C1 (c) (iii)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	
<p>Rith Nóirín rás 5000 méadar ar an gconair thuas i 15 nóiméad. Ríomh, ina shoicindí, an meán-am a ghlac sé ar Nóirín timpeall amháin den chonair a rith le linn an rása sin.</p>		
ATGL 1997 C1 (c) (i)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	
<p>Is é 9:5 an cóimheas idir an fhad agus an leithead ar dronuilleog áirithe. Is é 22.5 cm fad an dronuilleog. Faigh an leithead.</p>		
ATGL 1997 C1 (c) (ii)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	
<p>Tá tae sa bhialann déanta de mheascán dhá chineál tae, cineál A agus cineál B. Cosnaíonn cineál A £4.05 an kg. Cosnaíonn cineál B £4.30 an kg. Cosnaíonn an meascán £4.20 an kg.</p> <p>Má tá 7 kg de tae cineál A sa meascán, cé mhéad cileagram de cineál B atá ann?</p>		

ATAL 2006 C5 (b) (i)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	

Tá bonn cearnógach faoin mórfhirimid in Giza san Éigipt agus tá ceithre aghaidh thriantánacha uirthi. Tá sleasa bhonn na pírimide 230 méadar ar fad agus tá an phirimid féin 146 méadar ar airde. Tá barr na pírimide díreach lastuas de lárphointe an bhonn.




Ríomh an fad atá i gceann amháin de na sleasa claonta, ceart go dtí an méadar is gaire.

ATAL 2006 C5 (b) (ii)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	

Ríomh, ceart go dtí dhá fhiigiúr bhunúsacha, an t-achar iomlán atá sna ceithre aghaidh thriantánacha den phirimid (ag glacadh leis gur dromchlaí mín réidh iad).

TSAL 2005 C5 (c) (i)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	



Léiríonn an léaráid triantán comshleasach mar aon le cearnóg, a bhfuil slíos 6 ar fad acu araon. Tá a ceangailte le c .



Faigh $|\angle abc|$ agus $|\angle bac|$.

TSAL 2005 C5 (c) (ii)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	

Faigh $|ac|$, ceart go dtí ionad amháin de dheachúlacha.

TMATAL SAMPLA 2010 C8 (a)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	
<p>Teastaíonn ó bheirt suirbhéirí airde piolón leictreachais a fháil amach. Tá clai timpeall an phiolóin nach féidir leo a thrasnú ar chúiseanna sábháilteachta. Tá an talamh ar claonadh. Tá claonmhéadar agus téip tomhais 100 méadar ar fad acu. Cheana féin bhain siad úsáid as an gclaonmhéadar chun a fháil amach go bhfuil an talamh claonta ar uillinn 10° leis an gcothromán.</p> <p>Mínigh conas a gheobhaidís airde an phiolóin.</p> <p>Ba chóir do fhreagra a léiriú ar an léaráid thíos. Taispeáin na pointí ar chóir dóibh tomhais a dhéanamh iontu, dar leat, agus scríobh síos go soiléir na tomhais ba chóir dóibh a dhéanamh.</p>		
<p><i>Léaráid:</i></p>  <p><i>Tomhais ba chóir a dhéanamh:</i></p>		
TMATAL SAMPLA 2010 C8 (b)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	
<p>Scríobh síos luachanna féideartha na dtomhas a rinneadh agus bain úsáid astu chun a thaispeáint conas airde an phiolóin a fháil. (Is é sin, faigh airde an phiolóin agus do thomhais á n-úsáid agat, agus taispeáin do chuid oibre.)</p>		

TSAL 2008 C4 (c) (i)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	
Roinneadh duais €2000 i gclub lató go cothrom idir x duine seachtain amháin. Scríobh síos slonn in x don mhéid a fuair gach aon duine acu.		
TSAL 2008 C4 (c) (ii)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	
An tseachtain dár gcionn, roinneadh an duais €2000 go cothrom idir $x + 1$ duine. Scríobh síos slonn in x don mhéid a fuair gach aon duine acu an tseachtain sin.		
TSAL 2008 C4 (c) (iii)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	
Sa dara seachtain fuair gach aon duaiseoir €100 níos lú. Scríobh síos cothromóid in x chun an t-eolas thuas a léiriú.		
TSAL 2008 C4 (c) (iv)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	
Réitigh an chothromóid seo chun luach x a fháil.		

CL3.2 - Liostaigh 3 thréith a bhaineann le ceisteanna réiteach fadhbanna

1. _____

2. _____

3. _____

CL3.3 - Ag machnamh ar mo chleachtas

CL3.3A - Straitéisí Teagaisc

Déan machnamh ar do chuid teagaisc féin. Cé acu de na ráitis thíos atá fíor? An mbaineann siad le cur chuige gnásúil nó le cur chuige réiteach fadhbanna? An bhfuil cothromaíocht idir cur chuige gnásúil agus cur chuige réiteach fadhbanna i do rangsheomra?

Le linn ceachtanna:	Cé acu de na ráitis seo atá fíor?	Gnásúil	Réiteach Fadhbanna
Tosaím le ceisteanna simplí agus oibrím ar aghaidh chuig ceisteanna níos deacra.			
Cuirim ceisteanna nach ngabhann le gach ceann ach freagra féideartha amháin			
Múinim an rang go léir le chéile i gcónaí			
Tá a fhios agam go cruinn cad a bheidh le déanamh sa cheacht sula dtosaím			
Cuirim ar chumas scoláirí foghlaim trí chleachtaí a dhéanamh			
Tugaim mionsamhlacha inláimhsithe do scoláirí ar mhaithe le fionnachtain theagmhálach			
Cuirim scoláirí ag obair i ngrúpaí chun topaic nua a phlé. Éistim leo.			
Cuirim ceisteanna a bhfuil níos mó ná freagra amháin orthu			
Cuirim ceisteanna a spreagann machnamh			
Mínim gach rud go han-chúramach ionas go seachnófaí botúin á ndéanamh ag scoláirí			
Ceadaím do scoláirí dul i gcomhairle le comhscóláire ó am go ham, nuair a bhíonn siad ag obair ina n-aonar			
Múinim gach topaic ó thús, ag glacadh leis nach bhfuil aon eolas ag na scoláirí air			
Muinim gach topaic mar aonad ann féin			
Iarraim ar scoláirí smaoineamh ar shlite ina bhféadfadh a bhfuil ar eolas acu cheana cabhrú leo			
Déanaim deimhin de nach mbaineann scoláirí úsáid as modhanna seachas iad sin a mholaim féin			
Déanaim ceangail idir thopaicí agus bogaim sall agus anall eatarthu			
Éascaím plé a gcuid earráidí ag scoláirí			
Spreagaim scoláirí chun a mhíniú don rang conas a d'aimsigh siad freagra			
Leanaim an téascleabhar nó bileoga oibre go dlúth i gcónaí			
Tugaim na foirmlí nó an halgartaim ag tús an cheachta			
Ní mhúinim ach modh amháin le gach ceist a réiteach			

Le linn ceachtanna:	Cé acu de na ráitis seo atá fíor?	Gnásúil	Réiteach Fadhanna
Eagraím péirí/grúpaí scoláirí chun foghlaim chomhoibritheach a éascú			
Cuirim ar scoláirí machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón gceacht/ó na ceachtanna			
Cuirim ar scoláirí ceistanna a chumadh chun an topaic a iniúchadh			
Gheibhim amach a bhfuil ar eolas ag scoláirí roimh ré agus ní mhúinim na codanna sin den siollabas			
Ceadaím do scoláirí comparáid a dheanamh idir mhodhanna chun ceistanna a réiteach			
Ceadaím do scoláirí foirmlí agus algartaim a fhionnadh			
Fáiltím roimh an iontas a ghineann na smaointe a eascraíonn le linn ceachta			
Spreagaim scoláirí le hoibriú níos maille			
Tugaim an tsaoirse do scoláirí teacht ar chinneadh maidir leis na ceistanna a dtabharfar fúthu			
Gríosaim scoláirí chun a modhanna féin a cheapadh			


CL3.3B - Straitéisí Foghlama


Anois, smaoinigh ar na freagraí a thabharfadh do scoláirí. Tar ar chinneadh maidir le cé acu de na ráitis seo atá fíor agus na colúin ar chóir na ticeanna a ghabhann leo a chur.

Le linn ceachtanna:	Cé acu de na ráitis seo atá fíor?	Gnásúil	Réiteach Fadhanna
Éistim fad a mhíníonn an múinteoir conas an cheist a réiteach			
Déanaim cóip scríofa den mhodh ón gclár nó ón téacsleabhar			
Ní dhéanaim ach amháin ceistanna a thugann an múinteoir			
Oibrím i mo aonar i gcónaí			
Bainim úsáid as nithe/tacaí mar chabhair chun ceistanna a fhreagairt			
Déanaim iarracht gach céim de cheacht a leanúint			
Ní bhainim úsáid ach as modhanna a léiríonn an múinteoir			
Réitím fadhanna simplí ar dtús chun cur le mo fhéinmhuinín			
Scríobhaim amach na ceistanna sula réitím iad			
Cleachtaim an modh céanna arís agus arís eile ar mhórán ceistanna			

Le linn ceachtanna:	Cé acu de na ráitis seo atá fíor?	Gnásúil	Réiteach Fadhbanna
Fanaim go dtí go léiríonn an múinteoir an modh chun ceisteanna áirithe a réiteach			
Cuirim ceisteanna ar an múinteoir			
Déanaim iarracht fadhbanna deacra a réiteach chun mo chumas a thriail			
Bainim úsáid as léaráidí/pictiúir agus mé ag iarraidh fadhb a réiteach			
Tugtar deis dom freagraí a roinnt agus a chur i gcomparáid le scoláirí eile sa rang			
Ni ghéillim nuair a bhíonn an obair idir lámha crua			
Pléim tuairimí i ngrúpa nó le páirtneir			
Déanaim iarracht ceangal a dhéanamh idir thuairimí nua agus rudaí atá ar eolas agam cheana			
Fanaim i mo thost nuair a chuireann an múinteoir ceist			
Cuirim de ghlanmheabhair rialacha agus tréitheanna			
Cuardaím slite difriúla chun tabhairt faoi cheist			
Míním rud do chomhscoláire			
Míním rud fad a bhíonn an múinteoir agus mo chomhscoláirí ag éisteacht			
Roghnaím na ceisteanna atá le déanamh nó na tuairimí atá le plé			
Cumaim mo cheisteanna agus mo mhodhanna féin			

CL3.4 - Grafháipéar






CL3.5 - Measúnú

Ceist 6 (a) Gnáthleibhéal

Sa léaráid taispeántar cúig líne, j , k , l , m agus n sa phlána comhordanáideach. Tugtar fána na gcúig líne sa table thíos

Fána	
2	
$\frac{1}{8}$	
0	
$-\frac{1}{4}$	
-1	



Nótaí:

Ceist 7 (b) Gnáthleibhéal agus Ceist 7 Ardleibhéal


Gnáthleibhéal:

Teastaíonn ó mhac léinn eacnamaíochta a fháil amach an bhfuil tionchar ag fad an ama a chaitheann daoine san oideachas ar an ioncam a thuilleann siad. Déanann an mac léinn staidéar beag. Iarrtar ar dháréag (12) fásta a n-ioncam bliantúil a lua, chomh maith le líon na mblianta a chaith siad san oideachas lánaimseartha. Tugtar na sonraí sa tábla thíos, chomh maith le scaipghram páirt-chomhlánaithe.

Ardleibhéal:

Tá suim ag mac léinn eacnamaíochta a fháil amach an bhfuil tionchar ag fad an ama a chaitheann daoine san oideachas ar an ioncam a thuilleann siad. Déanann sé staidéar beag. Iarrtar ar dháréag (12) fásta a n-ioncam bliantúil a lua, chomh maith le líon na mblianta a chaith siad san oideachas lánaimseartha. Tugtar na sonraí sa tábla thíos agus tugtar scaipghram páirt-chomhlánaithe.

Blianta san oideachas	Ioncam /€1,000
11	28
12	30
13	35
13	43
14	55
15	38
16	45
16	38
17	55
17	60
17	30
19	58



Gnáthleibhéal

- (i) Níor cuireadh isteach na trí shraith dheiridh de shonraí ar an scaipghram. Cuir isteach anois iad.
- (ii) Cén tátal is féidir leat a bhaint as an scaipghram?
- (iii) Bhailigh an mac léinn na sonraí agus suirbhé teileafóin a úsáid aige. Roghnaíodh uimhreacha go randamach as eolaí teileafóin Bhaile Átha Cliath. Glaodh orthu um thráthnóna idir 7.00 agus 9.00 pm. Má tharla nach raibh freagra ann, nó nach raibh an duine a d'fhreagair sásta páirt a ghlacadh, ansin roghnaíodh uimhir eile go randamach. Luaigh fadhb **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an sampla nó leis an tslí inar bailíodh é, agus a d'fhágfadh nach bhféadfaí a bheith muiníneach as torthaí an fhiosrúcháin. Luaigh go soiléir cén fáth a bhféadfadh fadhb a bheith leis an rud a luann tú.

Ardleibhéal

- (i) Níor cuireadh isteach na trí shraith dheiridh de na sonraí ar an scaipghram. Cuir isteach anois iad.
- (ii) Ríomh comhéifeacht an chomhchoibhnis.
- (iii) Cén tátal is féidir a bhaint as an scaipghram agus as comhéifeacht an chomhchoibhnis?
- (iv) Cuir isteach líne an oiriúnaithe is fearr ar an scaipghram comhlánaithe thuas.
- (v) Bain úsáid as líne an oiriúnaithe is fearr chun meastachán a dhéanamh ar ioncam bliantúil duine a bhfuil 14 bliana caite san oideachais aige.
- (vi) Agus léamha oiriúnacha a dtógáil agat ó do léaráid, nó i slí éigin eile, ríomh fána líne an oiriúnaithe is fearr.
- (vii) Mínigh conas an fhána seo a léirmhíniú sa chomhthéacs seo.
- (viii) Mar an gcéanna leis an chéad mhír in (iii) gnáthleibhéil. Liostaigh trí fhadhb a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an sampla agus leis an tslí inar bailíodh é agus a d'fhágfadh nach bhféadfaí a bheith muiníneach as torthaí an fhiosrúcháin. Luaigh go soiléir i ngach cás cén fáth a bhféadfadh fadhb a bheith leis an rud a luann tú.

Nótaí:

Ceist 3 (b) Bonnleibhéal

Tugann múinteoir Fraincise Sheáin trialacha a mharcáltar as 10.
Fuair Sean na torthaí seo a leanas i gcúig thriail:

7, 5, 6, 10, 7

(i) _____

(ii) Fuair Áine na torthaí seo a leanas sa chúig thriail chéanna. Bhí sí as láthair don cheathrú triail.

8, 5, 7, - , 7

Nótaí: